



**Caingean arna tabhairt an 20 Nollaig 2024 – An Coimisiún Eorpach v Ríocht Aontaithe na Breataine
Móire agus Thuaisceart Éireann**

(Cás C-894/24)

(C/2025/1222)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Maxian Rusche, L. Armati, Gníomhairí)

Cosantóir: Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- a dhearbhu nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí faoi Airteagail 49, 52, 56 agus 63 CFAE, chomh maith le hAirteagal 19(1) CAE, Airteagail 64(2), 65(1), 66, 75, 107, 108, 215, 267 agus 344 CFAE, Airteagal 17 den Chairt agus prionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na haontachta agus éifeachtacht dhlí an Aontais, na muiníne frithpháirtí agus na deimhneachta dlíthiúla, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ⁽¹⁾:
- (1) trí mhainneachtain na conarthaí déthaobhacha infheistíochta laistigh den Aontas a bhaint go héifeachtach den dlíchoras ('BITanna laistigh den Aontas'), lena n-áirítear a gclásail éagtha, ionas go scoirfidh siad d'aon éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu, agus, i gcás inar cruthaíodh iad, féachaint leis na héifeachtaí sin a chosc ó chriostalú tríd an dámhachtain a fhorfheidhmiú, agus
- (2) go háirithe, trí mhainneachtain na bearta iomchuí a dhéanamh chun an tairiscint ar fhoirceannadh déthaobhach atá sa dréachtchonradh iltaobhach a fhoirfiú; agus
- a ordú do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann na costais a íoc.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Le breithiúnas an 6 Márta 2018 in Achmea ⁽²⁾, rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil clásail eadrána idir infheisteoir agus Stát in BITanna laistigh den Aontas ag luí le dlí an Aontais, go háirithe le hAirteagail 267 agus 344 CFAE. Ó shin i leith, chinn an Chúirt go comhsheasmhach go bhfuil neamh-chomhoiriúnacht den sórt sin le dlí an Aontais maidir le sásraí chun díospóidí infheistíochta dá bhforáiltear i BITanna laistigh den Aontas a réiteach, lena n-áirítear clásail eadrána idir infheisteoirí agus an Stát.

Tá forluí idir na BITanna laistigh den Aontas arna dtabhairt i gcrích ag an Ríocht Aontaithe le Ballstáit eile ina n-iomláine agus níl siad ag luí le dlí an Aontais. Mar thoradh air sin, nuair a d'aontaigh contrapháirtithe na Ríochta Aontaithe don Aontas, rinneadh, amhail ó dháta aontachais na mBallstáit sin, na conarthaí déthaobhacha infheistíochta sin laistigh den Aontas a fhoirceannadh go hintuigthe i gcomhréir le hAirteagal 59 de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí. Dá bhrí sin, cuireadh deireadh leis na BITanna sin laistigh den Aontas roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus níor athraíodh iad ina BITanna lasmuigh den Aontas tráth na tarraingthe siar sin.

D'aontaigh an Ríocht Aontaithe gur gá BITanna laistigh den Aontas, lena n-áirítear a gclásail éagtha, a bhaint go héifeachtach den dlíchoras chun an breithiúnas in Achmea a chur chun feidhme, ionas nach mbeidh aon éifeachtaí dlíthiúla acu a thuilleadh. Mar sin féin, nuair a tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir leis an gconradh iltaobhach chun BIT laistigh den Aontas a fhoirceannadh, chinn an Ríocht Aontaithe gan an conradh sin a shíniú agus a fhorghabháil. Dá bhrí sin, ní mór don Ríocht Aontaithe a BIT laistigh den Aontas a bhaint go héifeachtach den dlíchoras, lena n-áirítear a gclásail éagtha, go déthaobhach leis na Ballstáit eile. Cé gur chuir sé tús leis an bpróiseas sin, theip air é a thabhairt chun críche i ndáil leis na Ballstáit uile lena mbaineann. Is ionann forálacha na leabhar reachtanna atá contrártha le dlí an Aontais féin a choinneáil ar bun agus mainneachtain na hoibleagáidí a eascraíonn as sin a chomhlíonadh.

⁽¹⁾ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 2020, L 29, lch. 7).

⁽²⁾ Breithiúnas an 6 Márta 2018 *Poblacht na Slóvaice v Achmea*, C-284/16, EU:C:2018:158.

Ina theannta sin, tionscnaítear ar a laghad cúig chás eadrána idir infheisteoirí agus an Stát ar bhonn BIT laistigh den Aontas arna thabhairt i gcrích ag an Ríocht Aontaithe, i gcás ina ndearnadh dámhachtain dhíobhálach nó i gcás ina bhfuil an nós imeachta ar siúl. Ní mór don Ríocht Aontaithe a áirithiú, in imeachtaí den sórt sin, go ndearbhóidh binsí eadrána a n-easpa inniúlachta, agus in aon chás, nach féidir aon dámhachtain a eascraíonn as na himeachtaí sin a fhorfheidhmiú.

Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagail 49, 52, 56 agus 63 CFAE, chomh maith le hAirteagal 19(1) CAE, Airteagail 64(2), 65(1), 66, 75, 107, 108, 215, 267 agus 344 CFAE, Airteagal 17 den Chairt agus prionsabail ghinearálta an neamhspleáchais, na tosaíochta, na haontachta agus na héifeachtachta i ndlí an Aontais, na muiníne frithpháirtí agus na deimhneachta dlíthiúla, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 127(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
